Tá OTA Conamara suite ar chósta fíordheas os cionn uair an chloig ó Chathair na Gaillimhe. Tá os cionn 200 mac léinn ag stopadh ar an gcampas, agus iad ag déanamh staidéir ar réimse céimeanna i ndearadh agus i dteicneolaíocht troscáin. Tá áiseanna ceardlainne úrscothacha ar an gcampas leis an innealra agus an teicneolaíocht ríomhaireachta is nua-aimseartha.

## Suíomh Iontach

Tá rogha den scoth d'áiteanna le hithe agus le hól i Leitir Fraic lena n-áirítear tithe tábhairne teolaí, bialanna, siopaí caife agus óstán. Níl an Clochán, a dtugtar príomhchathair Chonamara air go minic, ach 15 nóiméad ar shiúl agus is é an baile is mó siar ó Chathair na Gaillimhe é. Tá siopaí, caiféanna, bialanna breátha bia agus go leor tithe tábhairne gleoite Éireannacha le fáil sa bhaile rathúil sin. Bíonn seirbhísí rialta bus go Leitir Fraic, le naisc laethúla leis an gClochán agus le Cathair na Gaillimhe ar fáil.

## Áilleacht Dhochreidte

Tá Binn Ghuaire agus Páirc Náisiúnta Chonamara le feiceáil ó Leitir Fraic. Clúdaíonn an pháirc sin beagnach 3000 heicteár de shléibhte áille atá mar chuid den sliabhraon cáiliúil Beanna Beola. Tá an príomhbhealach isteach chuig Páirc Náisiúnta Chonamara sa sráidbhaile agus is é an pointe tosaigh é do shraith siúlóidí iontacha. Níl na háiteanna áille ar nós Inis Bó Finne agus an Cloigeann i bhfad ar shiúl ó Leitir Fraic ach an oiread.

## Lóistín

Tá lóistín saintógtha do mhic léinn, Áras Ghuaire, suite laistigh d'achar siúil nóiméad amháin ó OTA Conamara. Chun teagmháil a dhéanamh le hÁras Ghuaire téigh chuig **www.letterfrackaccommodation.com** Chun eolas a fháil faoi na roghanna lóistín atá ar fáil ar bhonn príobháideach, téigh i dteagmháil le hAontas na Mac Léinn ag **www.atustudentpad.ie**

## Áiseanna Spóirt

Tá rochtain ag mic léinn ar áiseanna spóirt áitiúla lena n-áirítear páirc imeartha, páirc Astroturf tuilsoilsithe, giomnáisiam lánfheistithe agus cúirt leadóige. Tá réimse ollmhór roghanna ann dóibh siúd atá ag iarraidh am a chaitheamh amuigh faoin aer, agus tá caitheamh aimsire ar fáil ar thalamh agus ar muir. Tá sé éasca do scíth a ligean ansin mar gheall ar: siúlóidí galánta, rothaíocht, marcaíocht capall, slatiascaireacht agus snámh san farraige. D'fhéadfadh duine ar bith a bhfuil fonn eachtraíochta air triail a bhaint as dreapadóireacht sléibhte, rópadóireacht anuas, tonnmharcaíocht, gaothshurfáil nó tumadóireacht scúba

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**





# Maigh Eo

**Le daonra os cionn 12,000, tá Caisleán an Bharraigh ar cheann de na bailte is mó fáis in Éirinn agus tá OTA Maigh Eo lonnaithe ann. Má tú ag iarraidh tú féin a thumadh i mbaile fuinniúil nó tuath álainn a fheiceáil, tá eispéireas dodhearmadta ar fáil i gCaisleán an Bharraigh.**

## OTA Maigh Eo

Cuireann OTA Maigh Eo cláir ar fáil in altranas, cúram sóisialta, oideachas agus cúram na luath-óige, síceolaíocht, oideachas allamuigh, agus stair agus tíreolaíocht ag leibhéal fochéime agus iarchéime. In 2011, bhí sé ar an gcéad champas oideachais tríú leibhéal in Éirinn ar bronnadh stádas an Champais Ghlais air.

## Baile Bríomhar

Tá scoth na sciopaí i gCaisleán an Bharraigh, le búitíceanna ar leith, brandaí na mórshráide agus gach rud idir eatarthu. Tá rogha gach bia ar fáil ann ó chaiféanna iontacha go  bialanna a bhfuil duaiseanna bainte acu, mar sin tá rud éigin ann a oireann do gach blas. Chomh maith leis sin, is fiú go mór dul chuig ceann de na margaí feirmeoirí seachtainiúla. Téann ceoltóirí mór le rá chuig na tithe tábhairne áitiúla. Tá neart beár ann a fhanann oscailte mall san oíche agus tá beáir mhanglaim ann dóibh siúd atá ag iarraidh an oíche a chaitheamh ag damhsa. Más fearr leat oíche níos ciúine a bheith agat, tá pictiúrlann seacht scáileán ann ina mbíonn na scannáin móréilimh is déanaí le feiceáil. Is minic a bhíonn scoth na n-ealaíontóirí ceoil, na bhfuirseoirí, na ndrámaí agus na n-imeachtaí móra le feiceáil san Amharclann Ríoga agus Ionad Imeachtaí, príomhionad siamsaíochta in iarthar na hÉireann.

## Suíomh Álainn

The stunning grounds of Turlough Park and the nature trail at Raheens Níl áit ar bith níos fearr ná tailte iontacha Pháirc Thurlaigh agus an cosán dúlra ag Coill na Ráithíní chun do scíth a ligean, agus is féidir réimse spórt uisce a dhéanamh ar Loch Chaisleán an Bharraigh más mian leat triail a bhaint as rud éigin nua. Cuireann na sliabhraonta an Chruach Mhaol agus Neifinn deiseanna iontacha ar fáil le haghaidh cnocadóireachta, fánaíocht sléibhe agus taiscéalaíochta. Tá seirbhísí rialta bus ar fáil, rud a chiallaíonn nach bhfuil Cathair na Mart i bhfad ar shiúl. Tá clú agus cail ar an mbaile sin atá suite cois farraige; tá réimse duaiseanna buaite aige go deimhin. De rogha air sin, téigh a rothaíocht ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair a shíneann ó Chaisleán an Bharraigh ar aghaidh go Cathair na Mart.

## Lóistín

Tá go leor roghanna lóistín ar fáil in aice le OTA Maigh Eo. Ina measc siúd tá lóistín ar fáil ar cíos go príobháideach, agus lóistín atá saintógtha do mhic léinn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na roghanna lóistín ar fad, déan teagmháil le hAontas na Mac Léinn ag **www.atustudentpad.ie**

## Áiseanna Spóirt

I measc na n-áiseanna spóirt ar an gcampas tá balla dreapadóireachta faoi dhíon, páirc sacair agus raon reatha. Tá rochtain ag mic léinn ar réimse áiseanna áitiúla freisin. Ina measc siúd tá linn snámha ocht lána ag Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh, cúirteanna faoi dhíon ag Club Leadóige Chaisleán an Bharraigh agus áiseanna dornálaíochta ag Club Dornálaíochta Chaisleán an Bharraigh. Aithnítear OTA Maigh Eo mar cheann de na príomhinstitiúidí sa tír le haghaidh gníomhaíochtaí eachtraíochta allamuigh. Níl áit ar bith níos fearr le haghaidh gníomhaíochtaí allamuigh ná tránna, aibhneacha agus sléibhte an cheantair.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**





# An Creagán

**Baile margaidh atá ag fás is ea an Creagán atá suite 45 ciliméadar ó Chathair na Gaillimhe. Is éard atá sa bhaile gnóthach sin ná an áit a gcaitheann mic léinn a gcéad dá bhliain staidéir sula bhfreastalaíonn siad ar OTA Cathair na Gaillimhe i mBliain 3 agus i mBliain 4.**

## OTA An Creagán

Cuireann OTA An Creagán céimeanna ar fáil i ngnó talmhaíochta agus in eolaíocht na talmhaíochta, áit a gcaitheann mic léinn an chéad dá bhliain staidéir agus ina bhfreastalaíonn siad ar OTA Cathair na Gaillimhe ar laethanta ar leith in aghaidh na seachtaine. Tá mic léinn innealtóireacht na talmhaíochta lonnaithe in OTA Cathair na Gaillimhe, ar champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus freastalaíonn siad ar OTA an Creagán le haghaidh ranganna sceidealaithe.

## Baile Gnóthach

Le daonra de bheagnach 1,000, tá roinnt siopaí, gnólachtaí beaga, bialanna agus siopaí caife ar an gCreagán. Bíonn ceol beo agus siamsaíocht le fáil sna tithe tábhairne áitiúla, agus bíonn fáilte mhór roimh chách i gcónaí. Mar gheall ar na seirbhísí laethúla bus go Gaillimh níl an chathair bhríomhar rófhada ar shiúl riamh

## An Tuath Álainn

Cuimsíonn Diméin an Chreagáin limistéar coillte le siúlóidí foraoise agus limistéir phicnice. Is cosán siúlóide nó rothar 2.2km é cosán lúibe na Diméine a théann trí chrainn agus trí fhlóra. Tá éagsúlacht leathan speiceas fiadhúlra sa cheantar freisin, agus is tearmann é Loch Chaisleán an Bharraigh d'éanlaith uisce lena n-áirítear lachain, piasúin agus ealaí. Tá an ceantar lán freisin le foirgnimh stairiúla spéisiúla ar nós seanghairdíní daingean, muileann plúir, teach báid agus ceárta.

## Lóistín

Tá réimse lóistín príobháideach ar fáil ar cíos do mhic léinn OTA an Creagán. Oifig Aontas na Mac Léinn a chuireann an tseirbhís lóistín ar fáil d'OTA an Creagán. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na roghanna lóistín ar fad, déan teagmháil le hAontas na Mac Léinn ag **www.atustudentpad.ie**

## Áiseanna Spóirt

Tá rochtain ag mic léinn ar réimse áiseanna spóirt áitiúla ag Faiche Spóirt Mhaigh Locha. Orthu sin tá páirc CLG, páirc sacair, cúirt liathróid láimhe agus cúirt leadóige. Is féidir áiseanna giomnáisiam a fháil ag Ionad Aclaíochta an Chreagáin, agus tá galfchúrsa 18 bpoll i gClub Gailf an Chreagáin.
Mar gheall ar na háiseanna nádúrtha sa cheantar is féidir dul ag iascaireacht ar an tSimhin go rothaíocht ar rian lúibe na Diméine.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**






USA





# Dún na nGall

**Tá clú agus cáil ar Dhún na nGall mar gheall ar a thránna iontacha, siúlóidí áille, bailte bríomhara, atmaisféar fáilteach ar fud an chontae, agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar an mblas is binne in Éirinn. Tá dhá champas ag OTA Dún na nGall, ceann amháin i Leitir Ceanainn agus ceann eile ar na Cealla Beaga.**

## OTA Dún na nGall

Is campas nua-aimseartha é OTA Dún na nGall leis na háiseanna is nua-aimseartha mar aon le sármhaitheas acadúil. Cuirimid 57 clár CAO agus os cionn 40 clár iarchéime ar fáil i dtrí dhámh agus i ndeich roinn. Tá 5,000 mac léinn againn, a bhformhór ag staidéar in OTA Dún na nGall ar bhonn lánaimseartha, rud a chiallaíonn go mbíonn an campas beo bríomhar i gcónaí. Bíonn ár ranganna léachtaí níos lú i gcomparáid le roinnt ollscoileanna níos mó, rud a chiallaíonn go mothaíonn idir mhic léinn agus léachtóirí go bhfuil siad mar pháirt de phobal agus bíonn siad ag comhoibriú go maith lena chéile. Cruthaíonn sé sin ar fad eispéireas iontach do mhic léinn agus is furasta a fheiceáil cén fáth a bhfuil OTA Dún na nGall ag mealladh níos mó mac léinn ná riamh.

## OTA Dún na nGall Leitir Ceanainn

Is baile bríomhar é Leitir Ceanainn, ina bhfuil siopaí den chéad scoth, siamsaíocht oíche bhríomhar agus deiseanna iontacha d'obair pháirtaimseartha, spórt, cultúr agus spraoi. Is iomaí áit atá ann a bhfuil dúil ag mic léinn iontu, le rogha de thithe tábhairne, ionaid cheoil, clubanna oíche agus bialanna. Tá pictiúrlann 8 - scáileán agus Ionad Fóillíochta Aura ann freisin, a bhfuil linn snámha 25m, raon reatha tartan agus giomnáisiam ann. Bainfidh díograiseoirí ealaíon agus cultúir taitneamh as an amharclann áitiúil, An Grianán agus Ionad Cultúrtha Réigiúnach ina bhfuil gailearaí ealaíne, halla éisteachta agus áiseanna pictiúrlainne iomlána. Tá rud éigin ann i ndáiríre do gach duine.

Tá na háiseanna seo a leanas ar Champas OTA Dún na nGall Leitir Ceanainn::

- Áiseanna oideachais agus tacaíochta, lena n-áirítear áiseanna ilchuspóireacha agus saináiseanna teagaisc, áis taighde, cóiríocht foirne riaracháin, teicniúla agus acadúla, leabharlann, ceithre limistéar itheacháin/ bialann, seomraí cruinnithe agus léachtlanna
- An Dánlann: foirgneamh seirbhísí spóirt/mac léinn ina bhfuil halla mór spóirt/tionóil, seomra aclaíochta, seomraí feistis, aontas na mac léinn agus ionad seirbhísí na mac léinn, ionaid itheacháin agus spás stórála
- Áis Spóirt Seachtrach: páirc imeartha tuilsoilsithe

## OTA Dún na nGall na Cealla Beaga

Tá campas na gCealla Beaga suite i bpríomhphort iascaireachta na hÉireann atá saibhir ó thaobh an traidisiúin agus na hoidhreachta de. Níl léamh, ná scríobh ná insint béil ar na radhairc atá le feiceáil ansin thart ar an gcuan, timpeallaithe ag tránna iontacha agus gar do na haillte cósta inrochtana is airde san Eoraip – Sliabh Liag. Bíonn na ranganna beag agus úsáidtear cur chuige pearsanta maidir leis an bhfoghlaim i suíomh compordach fáilteach. Tá cáil mhór ar an gcampas mar gheall ar chláir acadúla eisceachtúla a sheachadadh sna healaíona cócaireachta, san fháilteachas agus sa turasóireacht..

## Áiseanna Spóirt agus Spóirt

Bíonn foirne spóirt OTA Dhún na nGall san iomaíocht i gcomórtais ardoideachais agus ollscoile i rith na bliana. Tá foirne spóirt na bhfear agus na mban ag dul ó neart go neart faoi cheannaireacht Michael Murphy, Ceann Spóirt ag OTA Dún na nGall. Chomh maith le spóirt iomaíocha cuireann an campas comhairle sláinte agus aclaíochta, cúrsaí áineasa, spórt cathaoireacha rothaí agus gníomhaíochtaí pobail ar fáil. Tá giomnáisiamaí OTA Dhún na nGall lonnaithe ar ár gcampais i Leitir Ceanainn agus sna Cealla Beaga araon. Tá na giomnáisiamaí saor in aisce do gach mac léinn agus cuireann siad ranganna aclaíochta laethúla ar fáil do mhic léinn ar mhaith leo oiliúint a fháil i ngrúpa beag. I measc na n-áiseanna atá ann faoi láthair tá páirc thuilsoilsithe ar an gcampas agus áis oiliúna faoi dhíon, ionad spóirt ilchuspóireach agus seomra aclaíochta nua-aimseartha.

## Lóistín

Tá Dún na nGall ar cheann de na réigiúin is inacmhainne chun cónaí agus obair ann agus taisteal thart air. Tá an costas maireachtála i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta agus tá réimse lóistín inacmhainne ar fáil do mhic léinn sa cheantar. Níl aon lóistín ar an gcampas, áfach, ach tá roghanna ann maidir le lóistín, tithe le ligean ar cíos ar bhonn comhroinnte, agus i Leitir Ceanainn tá roinnt coimpléasc árasán saintógtha do mhic léinn freisin. Tá an dá champas lárnach go leor agus an chuid is mó de lóistín i bhfoisceacht 10 nóiméad siúil ó gach ceann de na campais

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**








You can't buy
HAPPINESS
BUT YOU CAN BUY
ICE CREAM
AND THAT'S KIND OF
THE SAME THING


ME
NU

# Sligeach

**Is baile breá bríomhar é Sligeach agus tá áilleacht nádúrtha den chéad scoth thart air. An suíomh foirfe d'eispéireas dodhearmadta do mhic léinn. Mothaíonn gach duine go bhfuil siad mar pháirt den phobal i Sligeach, sin an fáth a bhfuil sé éasca a thuiscint cén fáth a bhfuil an-tóir ar Shligeach mar cheann scríbe do mhic léinn ollscoile.**

## OTA Sligeach

Mar pháirt den champas 72 acra seo tá foirgnimh nua-aimseartha, áiseanna úrscothacha agus tailte a bhfuil tírdhreachú álainn déanta orthu. Tá atmaisféar comhaimseartha le fáil i ngach áit ó na léachtlanna go dtí an leabharlann, agus caiféanna go zóin inar féidir le daoine a suaimhneas a dhéanamh. Tá an t-aon Starbucks i Sligeach ar an gcampas Brait Ghlais sin freisin. Déanann beagnach 10,000 mac léinn staidéar lánaimseartha, páirtaimseartha nó ar líne le OTA Sligeach, agus tá cláir ar fáil ó Ardleibhéal 6 suas go dtí PhD Leibhéal 10. Cinntíonn fócas ar fhoghlaim phraiticiúil, ar an saol mar atá agus tionscadail chomhoibríocha, cuairteanna tionscail, aoichainteoirí agus socrúcháin oibre go bhfaigheann mic léinn an t-oideachas is fearr agus is féidir.

## OTA San Aingeal

B'fhéidir gurb é sin an campas is áille sa tír agus níl sé ach roinnt nóiméad ar shiúl ó lár Bhaile Shligigh. Déanann os cionn 1,600 mac léinn staidéar lánaimseartha, páirtaimseartha nó ar líne le OTA San Aingeal. Seachadtar cláir thar réimse disciplíní, ó Leibhéal teastais 7 go dtí Leibhéal PhD 10. De bharr nach mbíonn na ranganna rómhór baineann na mic léinn tairbhe as cur chuige pearsanta maidir lena gcuid foghlama. Tá cothromaíocht teoirice agus ábhar praiticiúil ann ar fud na gclár go léir chun scileanna a fheabhsú roimh shocrúcháin sa saol mar atá. Baineann daltaí taitneamh as eispéireas foghlama a chumasóidh iad ar leibhéal pearsanta agus gairmiúil chun cur go mór lena gcuid deiseanna fostaíochta tar éis dóibh céim a bhaint amach.

## Baile Bríomhar

Ó shúisí, veigeán agus tapas go bia Meicsiceach, bia Iodálach agus bia Téalannach, tá rud éigin breá blasta ar fáil i Sligeach a oireann do gach duine agus do gach buiséad. Tá roghanna siamsaíochta oíche do gach ócáid, mar sin má tá tú ag lorg teach tábhairne traidisiúnta Éireannach nó beár manglam faiseanta, ionad ceoil bheo nó club oíche fuinniúil, gheobhaidh tú ansin é. Tá pictiúrlann deich scáileán agus réimse éagsúil roghanna ealaíon, cultúrtha agus siamsaíochta i Sligeach chomh maith. Don té atá tugtha don tsiopadóireacht, tá siopaí neamhspleácha neadaithe idir brandaí na mórshráide, ag soláthar gach rud ó éadaí go ríomhairí agus ábhar seanré go vinil.

## Timpeallacht Iontach

Níl áiteanna ar bith níos fearr chun sos iomlán a ghlacadh ná ar na tránna áille, an Trá Bhán agus an Ros, nó fá bhruacha Loch Gile. Tá neart le feiceáil faoin tuath i Sligeach mar shampla Binn Ghulbhain, sliabh a bhfuil cáil dhomhanda air, Conair na Banríona Méabh ar Chnoc na Riabh, siúlóidí coille, láithreáin mheigiliteacha, fiántas diamhair agus a lán eile. Is iomaí rogha atá ann freisin do dhaoine a bhfuil dúil acu sa saol amuigh faoin aer, mar atá: galf, spóirt uisce agus marcaíocht capall agus cnocadóireacht, rothaíocht sléibhe agus rothaíocht.

## Lóistín

Tá roinnt mhaith roghannna éagsúla lóistín ar fáil i Sligeach, rud a chiallaíonn go bhfuil an lóistín ceart ar fáil do gach duine. Tá costas lóistín do mhic léinn i bhfad níos inacmhainne freisin ná cuid mhaith de bhailte agus cathracha ollscoile eile na hÉireann, agus tá sé sin le sonrú freisin sa chostas maireachtála. Tá roinnt sráidbhailte mac léinn saintógtha ann i Sligeach, agus tá siad go léir in aice leis an dá champas. Cuireann roinnt sráidbhailte mac léinn seirbhís níocháin ar fáil, agus tá teilifíseáin chliste agus Netflix saor in aisce ar fáil i gcinn eile. Is fearr le roinnt mac léinn seomra nó teach a fháil ar cíos ar bhonn príobháideach. Cé go bhfuil cónaí ar fhormhór na mac léinn gar don champas, roghnaíonn cuid acu gleo agus torann lár Bhaile Shligigh nó an áilleacht nádúrtha iontach atá ar fáil ar an Trá Bhán nó ar an Ros.

## Áiseanna Spóirt

Ag croílár ár n-áiseanna spóirt campais tá Lárionad Spóirt Chnoc na Riabhaí. Is éard atá ar fáil sa Lárionad sin ná halla spóirt ilchuspóireach, seomra aclaíochta den chéad scoth agus stiúideonna aclaíochta speisialaithe. Amuigh faoin aer, tá rochtain ag mic léinn ar raon reatha Tartan ocht lána ar chaighdeán idirnáisiúnta le háiseanna caithimh agus léime. Tá ár bpáirc 3G Astroturf iomlán tuilsoilsithe, fad is go bhfuil páirc CLG ag caighdeán craoibhe agus Páirc sacair FAI-dheimhnithe i measc ár bpáirceanna atá go hiomlán tuilsoilsithe. Lasmuigh den champas, is féidir le mic léinn leas a bhaint as áiseanna spóirt éagsúla ag rátaí lascainithe go mór. Ina measc sin tá linn snámha 25m téite faoi dhíon ag Ionad Spóirt Réigiúnach Shligigh mar aon le cúirteanna éagsúla laistigh agus lasmuigh ag Club Leadóige Shligigh.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**





# Saol an Mhic Léinn

**Tá níos mó i gceist le saol na hOllscoile ná díreach staidéar a dhéanamh. Baineann sé freisin le heispéiris, le spraoi a bheith agat agus le cairdeas a dhéanamh. Ar fud ár gcuid campas tá réimse leathan clubanna agus cumann, spórt agus imeachtaí againn a oireann do gach duine. De bharr go mothaíonn na mic léinn go bhfuil siad mar pháirt de phobal i gcónaí, bíonn eispéireas ollscoile dodhearmadta acu.**

## Clubanna agus Cumainn

Is bealach iontach é dul isteach i gclub nó i gcumann chun bualadh le daoine a bhfuil spéiseanna den chineál céanna acu, triail a bhaint as rud éigin nua nó tabhairt faoin rud a bhfuil dúil agat ann. Tá rogha ollmhór clubanna agus cumann againn le roghnú astu. Clúdaíonn siad sin gach rud ó frisbee go mínealaín agus ceol go mótarspórt. Chomh maith leis sin, bunaítear clubanna agus cumainn nua gach bliain, rud a chiallaíonn gur féidir leat do chuid féin a thosú fiú. Reáchtáiltear laethanta clubanna agus cumann ar fud ár gcampas go luath sa bhliain ollscoile agus is féidir le mic léinn clárú leis an oiread acu agus is mian leo.

## Spórt do Chách

Tá ról tábhachtach ag an spórt agus ag an ngníomhaíocht coirp i saol an champais ag OTA. Creidimid go bhfuil spórt ann do gach uile duine. Tuigimid an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith aige ar fholláine coirp agus ar mheabhairshláinte an duine. Sin an fáth a bhfuil réimse leathan spórt agus gníomhaíochtaí againn a oireann do gach cumas agus spéis. Mar sin, más lúthchleasaí den chéad scoth tú a imríonn ar son do chontae nó ar son do thíre ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, amaitéarach cumasach ar breá leis dul san iomaíocht sa spórt is fearr leis nó léi, nó duine nach bhfuil ach ag iarraidh a bheith aclaí agus sláintiúil; gheobhaidh tú do spórt nó do ghníomhaíocht fhoirfe in OTA.

## Aontas na Mac Léinn

Is eagraíocht dhaonlathach é Aontas na Mac Léinn OTA (AMLOTA) atá á reáchtáil ag mic léinn, do mhic léinn. Freastalaíonn siad ar chruinnithe ollscoile tábhachtacha lena chinntiú go bhfuil mic léinn mar fhócas ag gach cinneadh a dhéantar. Eagraíonn Aontas na Mac Léinn feachtais ar cheisteanna tábhachtacha ar nós meabhairshláinte, sláinte gnéis agus strus scrúduithe. Ina theannta sin eagraíonn siad go leor imeachtaí spraíúla chun cabhrú le mic léinn socrú isteach i saol na hollscoile

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**





# Tacaíochtaí do Mhic Léinn

**Tá an tacaíocht mar pháirt lárnach dár bhfealsúnacht. Tá tacaíochtaí cuimsitheacha acadúla agus mac léinn forbartha againn, rud a chiallaíonn go bhfuil rochtain ag mic léinn ar chúnamh saineolach le linn a dturais ollscoile. Bíonn ár bhfoirne tiomanta ar fáil i gcónaí chun tacaíocht a thabhairt, cinntímid go mbaineann gach mac léinn barr a gcumais amach.**

## Tacaíochtaí Acadúla

Tá infheistíocht mhór déanta againn inár n-áiseanna foghlama agus inár dtacaíochtaí acadúla. Cuireann leabharlanna úrscothacha, teagascóirí tacaíochta foghlama, teicneolaíocht chúnta, ionaid tacaíochta matamaitice agus ionaid scríbhneoireachta acadúla tacaíocht nuálach agus chairdiúil ar fáil. Cuireann ár seirbhís um Rochtain agus Rannpháirtíocht a Leathnú raon tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach beag beann ar a gcúlra nó ar a n-aois. Cuireann Seirbhís Tacaíochta Míchumais agus Foghlama ghairmiúil thiomnaithe OTA (STMF) plean tacaíochta aonair ar fáil atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha an mhic léinn.

## Tacaíochtaí do Mhic Léinn

Cinntíonn ár gcláir ionduchtúcháin agus fáilte go mbíonn t-aistriú go dtí an ollscoil éasca agus spraíúil, agus cuidíonn ár bhfoirne rathúlachta mac léinn lena chinntiú go mbíonn am taitneamhach agus rathúil ag mic léinn le linn a gcuid staidéir le OTA. Soláthraíonn ár seirbhís sláinte saor in aisce cúram saineolaithe agus tá sé comhdhéanta de dhochtúirí, altraí, comhairleoirí agus seirbhísí folláine. Tacaíonn an fhoireann séiplíneachta le mic léinn ina bhfás pearsanta agus spioradálta, agus cabhróidh ár bhfoirne gairmeacha díograiseacha le gach mac léinn gairm agus todhchaí a thaitneoidh go mór leo a aimsiú.  Tá rochtain ag mic léinn freisin ar raon tacaíochtaí teicneolaíochta saor in aisce.

## Scoláireachtaí agus Sparánachtaí

Tá a fhios againn gur féidir le cúrsaí airigid a bheith ina n-ábhar imní go minic. Sin é an fáth a gcuirimid tacaíocht airgeadais bhreise ar fáil do na céadta mac léinn gach bliain. Aithnímid buanna na mac léinn i raon réimsí, ó thorthaí acadúla go héachtaí spóirt. Cabhraímid freisin le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a dteastaíonn cúnamh airgeadais uathu chun a chinntiú go bhfuil sé d'acmhainn acu a bheith rathúil.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **atu.ie/CAO**

# Tuilleadh Eolais

**Más mian leat freastal ar lá oscailte, dul ar thuras ar an gcampas nó labhairt le ball dár bhfoireann, tá go leor bealaí ann inar féidir linn cabhrú leat an t-eolas go léir a theastaíonn uait a fháil**

## Laethanta agus Imeachtaí Oscailte

Níl a dhath cosúil le lá a chaitheamh ag baint triail as saol na hollscoile sula dtosaíonn tú fiú. Is bealach iontach iad laethanta oscailte chun bualadh le léachtóirí, le baill foirne agus le mic léinn reatha.

| Suíomh | Dáta | Am |
|---|---|---|
| **OTA Cathair na Gaillimhe** | | |
| Lá Oscailte na gConairí Cruthaitheacha (Campas Bhóthar Pháirc an Tobair) | Dé Máirt, 22 Deireadh Fómhair 2024 | 10r.n. - 2i.n. |
| Lá Oscailte (campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath) | Dé Sathairn, 30 Samhain 2024 | 10r.n. - 1i.n. |
| Tráthnóna Oscailte (campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath) | Déardaoin, 23 Eanáir 2025 | 6i.n. - 8i.n. |
| Lá Oscailte (Campais Bhóthar Bhaile Átha Cliath & Bhóthar Pháirc an Tobair) | Dé Sathairn, 5 Aibreán 2025 | 10r.n. - 1i.n. |
| **OTA Maigh Eo** | | |
| Lá Oscailte | Dé Céadaoin, 16 Deireadh Fómhair 2024 | 10r.n. - 1i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Céadaoin, 12 Márta 2025 | 10r.n. - 1i.n. |
| **OTA Conamara** | | |
| Lá Oscailte | Dé hAoine, 15 Samhain 2024 | 11r.n. - 1i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Sathairn, 29 Márta 2025 | 11r.n. - 1i.n. |
| **OTA An Creagán** | | |
| Lá Oscailte | Dé Céadaoin, 2 Deireadh Fómhair 2024 | 10r.n. - 12.30i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Céadaoin, 5 Márta 2025 | 10r.n. - 12.30i.n. |
| **OTA Dún na nGall** | | |
| Lá Oscailte | Déardaoin, 14 Samhain 2024 | 9.30r.n. - 2i.n. |
| Tráthnóna Oscailte | Dé Céadaoin, 22 Eanáir 2025 | 4i.n. - 7i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Sathairn, 1 Márta 2025 | 10r.n. - 1i.n. |
| Tráthnóna Oscailte | Déardaoin, 1 Bealtaine 2025 | 4i.n. - 7i.n. |
| **OTA Sligeach agus OTA San Aingeal** | | |
| Lá Oscailte | Dé hAoine, 8 Samhain 2024 | 10r.n. - 1i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Sathairn, 9 Samhain 2024 | 10r.n. - 1i.n. |
| Tráthnóna Oscailte | Déardaoin, 30 Eanáir 2025 | 6i.n. - 8i.n. |
| Lá Oscailte | Dé Sathairn, 10 Bealtaine 2025 | 10r.n. - 1i.n. |
| **OTA San Aingeal** | | |
| Lá Oscailte | Déardaoin, 24 Deireadh Fómhair 2024 | 10r.n. - 1i.n. |

# Déan Teagmháil Linn

Tá neart taithí ag ár bhfoireann agus tá siad anseo chun tacú le daltaí, le tuismitheoirí, le caomhnóirí, le múinteoirí agus le treoirchomhairleoirí. Is féidir leo ceisteanna a fhreagairt maidir le cláir, lóistín, riachtanais iontrála, conairí agus go leor eile. Chomh maith leis sin, oibreoidh an fhoireann le scoileanna chun cuairteanna, cainteanna, imeachtaí gairme, ceardlanna a bhaineann go sonrach le hábhair, blaslaethanta agus go leor eile a eagrú..



## Amy Nolan

**Oifigeach Idirchaidrimh Scoileanna**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campais na Gaillimhe agus Mhaigh Eo)

**Ríomhphost:** slo.galwaymayo@atu.ie
**T:** 091 74 2390



## Victoria Wilson

**Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campais Dhún na nGall)

**Ríomhphost:** victoria.wilson@atu.ie
**T:** 074 91 86104
**M:** 086 204 2587



## Jacqueline Mellett

**Oifigeach Idirchaidrimh Scoileanna**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campas Shligigh)

**Ríomhphost:** jacqueline.mellett@atu.ie
**T:** 071 93 05982
**M:** 087 930 0057



## Micheál Dowdican

**Oifigeach Idirchaidrimh Scoileannar**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campas Shligigh)

**Ríomhphost:** micheal.dowdican@atu.ie
**T:** 071 93 05981
**M:** 086 898 4086



## Seán Kelly

**Oifigeach Idirchaidrimh Scoileanna**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campas San Aingeal)

**Ríomhphost:** sean.p.kelly@atu.ie
**T:** 071 91 79612
**M:** 087 928 0852



## Christina Cuffe

**Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna do Thuaisceart Éireann**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Gach Campas)

**Ríomhphost:** christina.cuffe@atu.ie
**T:** +353 (0) 74 91 86108
**M:** +353 (0) 86 204 2588

## Déan teagmháil linn Ar Líne

Chun an t-eolas CAO is déanaí a fháil téigh chuig to **www.atu.ie/CAO** agus lean OTA ar na meáin shóisialta

## Turais ar an gCampas

Mura féidir leat a bheith ann ar cheann dár laethanta oscailte nó imeachtaí sceidealaithe, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le ball dár bhfoireann chun turas ar an gcampas a chur in áirithe. Cuirimid turais champais ar fáil i rith na bliana. Tá turas ar an gcampas oiriúnach do mhic léinn atá ag smaoineamh ar staidéar a dhéanamh ag OTA. Molaimid do do theaghlach agus do do chairde a theacht ar an turas chomh maith.

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Atlantic Technological University




**www.atu.ie/cao**
**cao@atu.ie**

**Nuair a bheidh tú críochnaithe leis an doiciméad seo déan é a athchúrsáil le do thoil.**

QG-VER-1.25